# CINNEADH (AE) 2023/1794 ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Meán Fómhair 2023

## lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste um Sholáthar Rialtais maidir le glacadh a rialacha nós imeachta i ndáil le roghnú an Chathaoirligh

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is comhaontú ilpháirtithe faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála é an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais, a bhfuil sé mar aidhm leis margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach i measc a chuid Páirtithe. Tháinig an leagan athbhreithnithe den Chomhaontú sin i bhfeidhm an 6 Aibreán 2014 ('GPA Athbhreithnithe').

(2) Bunaítear le hAirteagal XXI:1 den GPA Athbhreithnithe Coiste um Sholáthar Rialtais ('an Coiste') chun deis a thabhairt do na Páirtithe dul i gcomhairle maidir le haon ábhar a bhaineann le hoibriú an GPA Athbhreithnithe nó le cur chun cinn a chuspóirí.

(3) Foráiltear le hAirteagal XXI:1 den GPA Athbhreithnithe gur faoin gCoiste atá sé a Chathaoirleach féin a cheapadh.

(4) Scaip an Coiste na dréacht-rialacha nós imeachta i ndáil le roghnú an Chathaoirligh an 12 Bealtaine 2023.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste a bhunú maidir lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, ós rud é go mbeidh na rialacha sin ina gceangal ar an Aontas.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, na dréacht-rialacha nós imeachta i ndáil le roghnú an Chathaoirligh, arna ndáileadh ag an gCoiste an 12 Bealtaine 2023, a ghlacadh chun feidhmiú an Choiste a rialáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Sholáthar Rialtais a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, tacú le glacadh a rialacha nós imeachta i ndáil le roghnú an Chathaoirligh.

Tá téacs na rialacha nós imeachta sin i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

L. PLANAS PUCHADES

**Rialacha Nós Imeachta maidir le Cathaoirleach Choiste EDT um Sholáthar Rialtais (an 'Coiste') a roghnú**

(1) Roghnóidh na Páirtithe Cathaoirleach as measc a n-ionadaithe chuig an gCoiste um Sholáthar Rialtais ar bhonn bliantúil.

(2) Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh síneadh ama a chur le téarma an Chathaoirligh, agus leas á bhaint acu as plean oibre an Chathaoirligh don bhliain dár gcionn.

(3) Roghnófar iarrthóir mar Chathaoirleach ar bhonn chumas, thaithí, fháil agus inniúlachtaí an iarrthóra chun tabhairt faoi na freagrachtaí lena mbaineann. Déanfaidh an Cathaoirleach fónamh ina cháil phearsanta.

(4) Déanfaidh an Cathaoirleach a bheidh ag imeacht comhairliúcháin a reáchtáil chun an roghnú a éascú. Mura bhfuil aon Chathaoirleach ann, féadfaidh na Páirtithe, trí chomhthoil, Cathaoirleach eatramhach a cheapadh nó cuireadh a thabhairt don Pháirtí a chuir an Cathaoirleach roimhe sin ar fáil comhairliúcháin den sórt sin a reáchtáil.

(5) Roimh na comhairliúcháin nó lena linn, tabharfar deis don iarrthóir/do na hiarrthóirí ar phost an Chathaoirligh na pleananna atá beartaithe acu a chur faoi bhráid na bPáirtithe don tréimhse a bheidís i gceannas ar an gCoiste.

(6) Déanfar an ceapachán ag an gcéad ghnáthchruinniú den Choiste sa bhliain. Má tharlaíonn sé gur gá post an chathaoirligh a líonadh i lár bliana, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall duine a cheapadh a luaithe is féidir.

(7) Gabhfaidh éifeacht leis an gceapachán ag deireadh an chruinnithe dá bhforáiltear sa mhír sin roimhe seo. Mura bhfuil aon Chathaoirleach ann an tráth sin, beidh éifeacht aige láithreach.

(8) Beidh an Cathaoirleach i seilbh oifige go dtí deireadh an chéad ghnáthchruinnithe den bhliain féilire dár gcionn, seachas sa chás nach mbeadh an Cathaoirleach in ann fónamh a thuilleadh nó go n-éireodh sé nó sí as oifig tráth níos luaithe ná sin.

(9) Mura féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhthoil maidir le Cathaoirleach a roghnú, rud a fhágann nach féidir leis an gCoiste a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le teacht le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, féadfaidh an Coiste, trí chomhthoil, Cathaoirleach eatramhach a cheapadh as measc na n-iarrthóirí, nó féadfaidh sé, de rogha air sin, cuireadh a thabhairt don Pháirtí a chuir an Cathaoirleach roimhe sin ar fáil cruinnithe an Choiste a éascú go sealadach go dtí go bhféadfar Cathaoirleach a cheapadh.

(10) Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh na rialacha nós imeachta seo a chomhlánú tuilleadh. Féadfar na rialacha nós imeachta a athbhreithniú laistigh de 5 bliana tar éis a nglactha.